An tSraith Pictiúr

(MOLTAÍ DO DHALTAÍ)

1. Bíodh fillteán agat don Bhéaltriail amháin.

2. Ullmhaigh cárta sracfhéachana amháin do gach sraith.

3. Cuir an topaic chlúdaithe sa tsraith agus an uimhir ar bharr an leathanaigh.

4. Líon isteach an cárta le foclóir oiriúnach, frásaí maithe agus briathra a theastaíonn don chur síos.

5. Ba chóir é a líonadh tar éis an tsraith a bheith clúdaithe sa rang.

6. Agus sin déanta beidh do chárta staidéir/sracfhéachana féin cruthaithe agat.

7. Is áis iontach a bheidh anseo duit agus tú ag dul siar ar an tsraith pictiúr sa séú bliain.

8. Cinnteoidh an córas seo go mbeidh tú eagraithe agus ullamh don chuid nua seo den Bhéaltriail.

9. Déan an cur síos a chleachtadh go rialta agus ná déan dearmad go mbeidh ort ceisteanna a fhreagairt ar an tsraith agus ceisteanna a chur freisin.

CÁRTA SRACFHÉACHANA AN DALTA DON tSRAITH PICTIÚR

TOPAIC _____ **SRAITH PICTIÚR** ____

A. FOCLÓIR AG TEASTÁIL

1. 8.
2. 9.
3. 10.
4. 11.
5. 12.
6. 13.
7. 14.

B. FRÁSAÍ NUA DOMSA

1._____

2._____

3._____

4._____

5._____

6._____

C. BRIATHRA RIACHTANACHA

SAMPLA

CÁRTA SRACFHÉACHANA AN DALTA DON tSRAITH PICTIÚR

TOPAIC Lá Cois Trá **SRAITH PICTIÚR** 12

A. FOCLÓIR AG TEASTÁIL

1. Ar an trá
2. Áit ar an trá
3. Gadaí, Gadaí stop é
4. Áit pacáilte
5. An t-ádh linn
6. Trína chéile
7. An-ghnóthach
8. Málaí & tuáillí
9. Slua
10. Ag sú na gréine
11. Ar imeall na trá
12. An ghrian
13. Ag taitneamh
14. Sona sásta
15. Ag ligean mo scíthe
16. Na Gardaí
17. Ag snámh
18. Ar mo sháimhín só
19. Gadaí
20. Ionadh ar an ngadaí
21. Torann
22. 30 céim ar a laghad
23. Críoch shona ar an scéal
24. An té
25. gaineamh

B. FRÁSAÍ NUA DOMSA

1. In ard mo chinn is mo ghutha
2. Ar nós na gaoithe
3. Dubh le daoine
4. Buíochas le Dia
5. I ndeireadh na dála
6. I mo/do/ina luí
7. I bhfaiteadh na súl
8. Ina dhiaidh sin
9. An chéad rud eile
10. Ag scoilteadh na gcloch
11. Bhí an t-ádh le ....
12. Gan fhios do...
13. Bhí gach duine ag baint taitnimh as an lá

C. BRIATHRA RIACHTANACHA

Chas, Sciob, Rug ar, Chaith/Chaitheamar, Chuaigh/Chuamar, Fuair /Fuairemar, Chuir/ Chuireamar, Tharla, Bhí /Bhíomar, Chuala/Chuala, Shocraigh/Shocraíomar(ar), Scread/Bhéic, Luí

Lá Cois Trá

Úsáid Go/Gur sa Chur Síos ar an tSraith Pictiúr

Ná Déan Dearmad - Caithfidh tú a bheith cúramach faoin gclaoninsint nuair a úsáideann tú roinnt de na focail agus frásaí thíos!

- **Ceapaim /Measaim/Sílim…**
- **Tá mé féin go láidir den tuairim…**
- **Ní féidir a shéanadh…**
- **Caithfear a rá/admháil…**
- **Tá an chosúlacht ar an scéal…**
- **Déarfainn…**

Seo duit roinnt de na rialacha is tábhachtaí:

A.

BRIATHRA RIALTA	**CLAONINSINT** **Aimsir Láithreach & Fháistineach**	**CLAONINSINT** **Aimsir Chaite**
Cuir/Ceannaigh/Bris/Dúisigh Buail/Imir/Sciob/Cabhraigh	GO / NACH + urú	GUR/ NÁR + séimhiú

B.

AN CHOPAIL 'IS'	**CLAONINSINT** **GUTA & F**	**CLAONINSINT** **CONSAN**
A.Láithreach A. Chaite	Gur/ gurb* *(*roimh ghutaí)* Gurbh	Gur Gur + h

Samplaí:

1. Ceannaím bainne gach lá ⟹ *Dúirt sí* **go g**ceannaíonn sí bainne

2. Bhuail mé leis ⟹ *Measaim* **gur bh**uail mé leis

3. Cabhróidh sé liom ⟹ *Ceapaim* **go g**cabhróidh sé liom

4. **Is** duine deas é ⟹ *Sílim* **gur** duine deas é

5. **Ba dh**eas an rud é ⟹ *Ní féidir a shéanadh* **gur dh**eas an rud é

Tá an chosúlacht ar an scéal go raibh an aimsir go deas.

Ní féidir a shéanadh go raibh an trá plódaithe an lá sin.

Caithfear a admháil go raibh an cailín amaideach ag fágáil a mála mar sin.

Ceapaim go raibh siad ag baint taitnimh as an lá.

Táim go láidir den tuairim gur tharla a leithéid cheana ar an trá sin.

Déarfainn go raibh na Gardaí ag faire amach don sórt sin ruda.

Rang bunaithe ar Shraith Pictiúr 1 – 2012

1. Léigh trí na treoracha agus na moltaí don dalta ón lámhleabhar a bhaineann leis an tsraith pictiúr
2. Ansin cuir an cuntas samplach faoi bhráid na ndaltaí
3. Ansin iarr orthu na gnéithe is tábhachtaí ón gcuntas: an foclóir nua, na frásaí deasa, agus na briathra tábhachtacha, a líonadh isteach ar an gcárta sracfhéachana.

Ta sé in am tosú ag obair!

1

Sampla de Chuntas ar Shraith Pictiúr 1 Ardteist 2012

De réir cosúlachta, tháinig tuairisc scoile Sheáin.

Ar ndóigh, léigh a Mham an tuairisc. *Ar an drochuair* ní raibh torthaí na scrúduithe go maith*. Is léir* go raibh a Mham míshásta. Chuaigh sí caol díreach go dtí seomra Sheáin. Bhí cnag ar dhoras Sheáin; a Mham a bhí ann. Bhí Seán ag imirt cluiche ríomhaireachta. Tá sé ríshoiléir nach raibh Mam sásta. Bhí fearg uirthi, ceapaim go raibh sí réidh le ceangal *chun an fhírinne a rá*!! *Mar sin* chuir sí glaoch ar an bPríomhoide. Rinne sí coinne le haghaidh cruinnithe. Thug an Príomhoide treoir agus cabhair. Chuir siad plean staidéir le chéile do Sheán. *Ón lá sin* bhí Seán ag staidéar *ó dhubh go dubh*. Tháinig an chéad tuairisc eile. Buíochas le Dia chuaigh cúrsaí i bhfeabhas. Bhí feabhas mór tagtha ar thorthaí na scrúduithe. Bhí Seán ar mhuin na muice. *I ndeireadh na dála* bhí áthas ar gach duine. **Mar a deir an seanfhocal "Is i ndiaidh a chéile a thógtar na caisléain" agus is fíor dó!!** *Bhuel ,* sin a cheapaimse a tharla *ar aon nós*!

Tabhair faoi deara ;

1. Bhain an dalta úsáid as go leor frásaí maithe sa chuntas.
2. Bhain an dalta úsáid as seanfhocal sa chuntas freisin.
3. Rinne an dalta cur síos ar mhothúcháin na ndaoine ann.

Ceisteanna don Scrúdaitheoir [Bunaithe ar an gcuntas seo]

- An gceapann tú gur lean Seán ar aghaidh ag obair ina dhiaidh sin?
- Meas tú an raibh Seán an-sásta nuair a fuair sé na torthaí maithe?
- An síleann tú go raibh a Mham ródhian air?

SEO TASC DAOIBH! – Léigh an sampla & líon isteach do chárta staidéir do phictiúr 1 anois

CÁRTA SRACFHÉACHANA AN DALTA DON tSRAITH PICTIÚR

TOPAIC _____ **SRAITH PICTIÚR** ____

A. FOCLÓIR AG TEASTÁIL

1. 8.
2. 9.
3. 10.
4. 11.
5. 12.
6. 13.
7. 14.

B. FRÁSAÍ NUA DOMSA

1._____

2._____

3._____

4._____

5._____

6._____

C. BRIATHRA RIACHTANACHA